Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Aonad 5
# moChúrsaí

## Plean Ceachta



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## 1.0 Toradh Foghlama

A bheith in ann roghanna féinseirbhíse ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim atá ar fáil trí moChúrsaí a aithint agus nascleanúint a dhéanamh orthu.

## 2.0 Spriocanna Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo, beidh mé in ann:

| | |
|---|---|
| **1.** | Clárú le haghaidh moChúrsaí |
| **2.** | Mo chéad phost a chlárú ar moChúrsaí |
| **3.** | Nascleanúint a dhéanamh ar na roghanna féinseirbhíse atá ar fáil ar moChúrsaí |
| **4.** | Roinnt tascanna coitianta a dhéanamh ar moChúrsaí |

## 3.0 Fad ama

2 x rang uair an chloig

## 4.0 Naisc

**Naisc Litearthachta**

Seirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim, moChúrsaí, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), clárú le haghaidh moChúrsaí

**Naisc Uimhearthachta**

Pasfhocail, Dátaí

**Naisc Traschuraclaim**

Gnó, Eolaíocht Ríomhaireachta, Eacnamaíocht Bhaile

**Scileanna Idirbhliana**

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid a dhéanamh, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Comhoibriú le daoine eile

## 5.0 Acmhainní

Seo thíos na hacmhainní atá ag teastáil don aonad seo:

| | |
|---|---|
| **1.** | Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín |
| **2.** | Plean Ceachta |
| **3.** | Cur i láthair PowerPoint |
| **4.** | Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí |
| **5.** | PDF Idirghníomhach le Cásanna |
| **6.** | Dialann Foghlama Scoláire |

## 6.0 Réamhrá Ceachta

**Tugann** an **múinteoir breac-chuntas gairid ar na spriocanna foghlama** ar **shleamhnán PowerPoint 2** chun na hábhair atá le clúdach le linn an aonaid a thaispeáint. Scaiptear cóip d'**Aonad 5: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** ar gach scoláire.

## 6.1 Dul Siar

### Gníomhaíocht 1

Taispeánann an múinteoir **sleamhnán PowerPoint 3**, ina bhfuil **gníomhaíocht a dhéanfaidh na scoláirí dul siar** uirthi ina n-aonar. Sa ghníomhaíocht seo, déanann **gach scoláire** taifead ar a gcuid **freagraí** a bhaineann le **Aonad 5: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** agus breacann an múinteoir síos an t-**am a chríochnaíonn** siad an tasc. **Malartaíonn** na scoláirí a gcuid **freagraí** agus **ceartaíonn** siad iad, bunaithe ar na freagraí a léiríonn an múinteoir. **Bíonn an bua ag an scoláire / na scoláirí a fhreagraíonn an méid is mó ceisteanna i gceart**.

| | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **1.** | Céard is brí leis na litreacha MSU? | **Muirear Sóisialach Uilíoch** |
| **2.** | Íoctar MSU nuair a sháraíonn an t-ioncam iomlán méid áirithe, cén méid? | **€13,000** |
| **3.** | Cad é an ráta MSC ar ioncam os cionn €70,044? | **8%** |
| **4.** | Ainmnigh foinse ioncaim ar a n-íoctar MSU. | **Pá/tuarastal/bónas/coimisiún** |
| **5.** | Ainmnigh foinse ioncaim nach gá MSU a íoc air. | **Gach íocaíocht leasa shóisialaigh/ ioncam scoláireachta/scéim um rothaíocht chun na hoibre** |
| **6.** | Céard is brí leis na litreacha DCC? | **Deimhniú Creidmheasanna Cánach** |
| **7.** | Cén mhí ina seolann na Coimisinéirí Ioncaim an DCC? | **Mí na Nollag** |
| **8.** | Céard is brí leis na litreacha ÁSPC? | **Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa** |
| **9.** | Cén úsáid a bhaintear as an gciste ranníocaíochtaí ÁSPC? | **An Ciste Árachais Shóisialaigh, m.sh. Sochar Máithreachais, Sochar Breoiteachta, Sochar Cuardaitheora Poist, Pinsean Stáit, Sochair fiaclóireachta** |
| **10.** | Cé mhéad aicme ÁSPC atá in Éirinn? | **11** |

# 7.0 Clárú le haghaidh moChúrsaí

Ar **shleamhnáin PowerPoint 4-11**, téann an **múinteoir** tríd an bpróiseas a bhaineann le **clárú** don áis **moChúrsaí** agus léirítear na **sonraí** atá **ag teastáil chun clárú**. Tugtar **léargas** ar na **seirbhísí** atá ar fáil ar moChúrsaí ar **shleamhnáin PowerPoint 12-13**.

# 7.1 Clárú an Chéad Phoist ar moChúrsaí

Ar **shleamhnáin PowerPoint 14-22**, taispeánann an múinteoir an próiseas chun **an chéad fhostaíocht** a bhíonn ag duine a chlárú ar **moChúrsaí**. Tugtar **léargas** ar **shleamhnán PowerPoint 22** ar an méid a tharlaíonn nuair a **chuirtear an fhaisnéis seo isteach**.

## Gníomhaíocht 2

**Scrúdaíonn na scoláirí** an **tairiscint poist** atá ar **Aonad 5: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2**, is gá oibriú amach an bhfuil **dóthain eolais** ar fáil chun **an fhostaíocht** a chlárú ar **moChúrsaí**.

## Réiteach

Níl dóthain eolais ar fáil chun an fhostaíocht seo a chlárú ar moChúrsaí.

| Eolas san áireamh | Eolas ar Iarraidh |
|---|---|
| Dáta tosaithe | Tuarastal |
| Earnáil na Tionsclaíochta | Minicíocht na hÍocaíochta |
| | Uimhir chlárúcháin an fhostóra |

## Gníomhaíocht 3

**Scrúdaíonn na scoláirí** an **tairiscint poist** agus an **duillín pá** atá in **Aonad 5: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 3**, is gá oibriú amach an bhfuil **dóthain eolais** ar fáil chun **an fhostaíocht** a chlárú ar **moChúrsaí**.

## Réiteach

Tá dóthain eolais ar fáil chun an fhostaíocht seo a chlárú ar moChúrsaí.

| Eolas san áireamh | Eolas ar Iarraidh |
|---|---|
| Dáta tosaithe | |
| Earnáil na Tionsclaíochta | |
| Tuarastal | |
| Minicíocht na hÍocaíochta | |
| Uimhir chlárúcháin an fhostóra | |

# 8.0 Gearrthóg Físe ar moChúrsaí

Féadfaidh na scoláirí **féachaint ar ghearrthóg** a thugann **spléachadh** ar na **seirbhísí** atá ar fáil ar **moChúrsaí** [3m 17], ina measc, Mo Chuid Doiciméad, Mo Phróifíl, m'Fhiosruithe, Seirbhísí ÍMAT agus Bainistigh mo Thaifead.

**Tasc Breise**

## 8.1 Doiciméid Shamplacha

D'fhéadfadh na scoláirí scrúdú a dhéanamh roinnt **doiciméid shamplacha** atá ar fáil ar moChúrsaí, mar shampla: Deimhniú Creidmheasanna Cánach, Ráiteas Dliteanais agus Achoimre Sonraí Fostaíochta.

# 9.0 Achoimre ar Sheirbhísí moChúrsaí

**Scaipeann an múinteoir Aonad 5: Bileog Oibre le haghaidh Seirbhísí moChúrsaí** agus úsáideann na **scoláirí** doiciméid **idirghníomhacha PDF** chun **6 thasc** choitianta a dhéanamh, a bhíonn le feiceáil ar an ardán, **moChúrsaí**.

# 10.0 Dialann Foghlaimeora

Scaipeann an múinteoir **teimpléad den dialann foghlama** agus **líonann scoláirí isteach** an dialann foghlama a bhaineann leis an aonaid seo.